Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

## Comhairliúchán Ar Líne

A chara,

Tugtar cuireadh duit do thuairim a léiriú ar an Straitéis Náisiúnta nua deich mbliana ar Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití.

Is féidir le daoine aonair nó le heagraíochtaí a dtuairimí a chur isteach trí nasc an tsuirbhé ar líne ag https://share.h2.ie/LULD

Beidh deis agat aiseolas breise a sholáthar ag an deireadh más mian leat.

Is féidir le daoine aonair nó le heagraíochtaí aighneacht níos faide a chur chuig LNDLconsultation@h2.ie

Is é an spriocdháta d'aighneachtaí ná **3ú Feabhra 2023.**

### Cúlra

Tá an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ag tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin, mar chuid d'fhorbairt na straitéise a leanfaidh an *Straitéis Náisiúnta Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011 – 2020* agus an *Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis (2017-2020)*.

Seoladh an Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 in 2011. Sa straitéis, leagadh amach fís shoiléir chun caighdeáin sa litearthacht agus san uimhearthacht a ardú i suíomhanna luathbhlianta (LFC), bunscoile agus iar-bhunscoile faoin mbliain 2020. Ó shin i leith tá Éire éirithe níos ilteangach agus ilchultúrtha de réir a chéile, rud is léir ón aitheantas a tugadh do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) mar theanga dhúchais neamhspleách in 2017 agus éagsúlacht na dteangacha a úsáidtear sa bhaile. Ina theannta sin, tá an teicneolaíocht dhigiteach éirithe níos forleithne fós.

Caithfear na forbairtí nua seo a chur san áireamh sa straitéis nua agus caithfear aird a thabhairt ar na hathruithe eile a mbeifear ag súil leo amach anseo ar cheart go mbeadh tionchar acu ar ghníomhaíochtaí an rialtais ina leith seo.

Tugannan Pléphpáipéar tuilleadh eolais ar fáil ag an nasc seo

gov.ie - Comhairliúchán ar Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití (www.gov.ie) agus is féidir é a úsáid mar thaca dóibh siúd a bhfuil a dtuairimí ar fhorbairt na straitéise nua á sholáthar acu..

Aighneachtaí

Tabhair aird go bhféadfaí aighneachtaí a fhaightear le linn an chomhairliúcháin seo ar shuíomh ghréasáin www.gov.ie

**Spreagfaimid sibh an cuireadh seo a roinn le d'fhoireann, agus le do thuismitheoirí, mar shampla trí ríomhphost nó nuachtlitir srl.**